

# Bóthar Chionn tSáile go Dúglas

K

## An Bealach Tosaíochta don Chonair Iompair Inbhuanaithe

An 3ú Babhta de Chomhairliúchán Poiblí Samhain 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

BUS CONNECTS CORCAIGH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.



# Clár an Ábhair


**1. Réamhrá** **4**
- 1.1 Cad is BusConnects ann? 4
- 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo? 4
- 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe 6
- 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe 7
- 1.5 Cad a tharla go dtí seo? 8
- 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo? 8
- 1.7 An téarmaíocht a thuiscint 9
- 1.8 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe 12

**2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?** **14**
- 2.1 Dearadh Teicniúil 14
- 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil 14
- 2.3 Suirbhéanna Tráchta 14
- 2.4 Ríocht Uirbeach 15
- 2.5 Amlíne 16

**3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** **18**
- 3.1 Ceisteanna ginearálta 18
- 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt 18
- 3.3 Cad a tharlóidh anois? 19

**4 Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta** **20**
- 4.1 Forléargas 20
- 4.2 Acomhal Bhaile Uí Chuirrín/Bhaile Chionn tSáile go dtí Acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/Bhóthar na Gráinsí 20
- 4.3 Acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/Bhóthar na Gráinsí go dtí Acomhal Bhóthar na Gráinsí/Chnoc Domhnach Broc 22
- 4.4 Acomhal Bhóthar na Gráinsí/Chnoc Dhomhnach Broc go Dúglas 24
- 4.5 Príomhathruithe ón mBealach Tosaíochta a foilsíodh i mí an Mhárta 2023 25
- 4.6 Príomhfhíricí 25

**5. Aguisíní** **26**
- 5.1 Léarscáileanna Innéacs 26
- 5.2 Léarscáileanna Bealaigh 26

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathair Chorcaí agus i gcathracha eile. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais a bhaineann le feabhas a chur ar iompar poiblí agus le dul i ngleic le fadhb an athraithe aeráide. Tá sé san áireamh sna beartais náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí; agus
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Tá Cathair Chorcaí ag fás agus teastaíonn líonra bus uaithi ar féidir leis freastal ar chathair atá i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects Chorcaí ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht. Tá BusConnects Chorcaí deartha chun seirbhís bus a bheidh níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a chur ar fáil do chách, chomh maith le háiseanna sábháilte do rothaithe agus saoráidí feabhsaithe do choisithe a chur ar fáil feadh príomhbhealaí.










## 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo?

Is é seo an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe ó reáchtáladh an chéad cheann i mí an Mheithimh 2022. Tá forbairt na gConairí Iompair Inbhuanaithe seo ina cuid lárnach de chlár foriomlán BusConnects Chorcaí agus beidh siad ina gcabhair maidir le féachaint chuige go seasfaidh córas bus Chorcaí an aimsir agus maidir le rothaíocht sa chathair agus sa réigiún a dhéanamh sábháilte agus an limistéar sin ag fás.

Cuireann an comhairliúchán seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## Tá 9 ngné i gclár foriomlán BusConnects Chorcaí

### 1 Líonra de chonairí nua a fhorbairt le haghaidh iompar inbhuanaithe

**91km de lánaí nua/tosaíochta do bhusanna chun** turais a dhéanamh níos tapúla agus níos iontaofa

**98km de shaoráidí rothaíochta** (treo amháin) lena soláthrófar 49km den líonra rothaíochta

### 2 An Líonra Bus a athdhearadh

### 3 Córas ticéadaithe úrscothach

### 4 Córas íocaíochta gan airgead tirim

### 5 Struchtúr níos simplí do tháillí

### 6 Láithreacha nua Páirceála agus Taistil

ag príomhshuíomhanna

### 7 Aistriú chuig flít busanna nua astaíochtaí nialasacha

### 8 Libhré bus nua

### 9 Stadanna agus scáthláin bus nua

le comharthaíocht agus faisnéis atá níos fearr

## 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist leis na moltaí ná infheistíocht a dhéanamh in aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – go ginearálta, lána bus leanúnach sa dá threo, ach b'fhéidir go n-úsáidfí socruithe eile in áiteanna cúnga. Cuirfidh sé seo deireadh leis an moill atá ar an gcóras bus agus ar a chuid paisinéirí faoi láthair. Nuair a bheidh lánaí ann do bhusanna amháin, nó bearta eile coibhéiseacha, beidh níos mó cinnteachta ag na mílte paisinéirí a thaistealaíonn ar bhusanna maidir leis na hamanna a dtagann agus a imíonn busanna, rud a chinnteoidh go mbeidh seirbhís níos fearr agus níos éifeachtaí ann.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar scartha a chur ar fáil sa dá threo feadh na gconairí seo, agus beidh siad scartha ón trácht ginearálta chomh fada agus is féidir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é seo a bhaint amach in áiteanna áirithe, ach sna háiteanna sin tá sé beartaithe againn raonta rothar ar leataobh ón trácht a chur ar fáil, is é sin go gcuirfear an raon rothar ar mhalairt slí ón gConair Iompair Inbhuanaithe go bóthar níos ciúine nó go raon rothar saintógtha, sula mbuaileann sé leis an gconair arís.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gurb iad na príomhchonairí bus sa chathair atá sna cinn a aithnítear mar Chonairí Iompair Inbhuanaithe. Chomh maith leis na conairí seo, tá líonra athdheartha níos leithne de sheirbhísí bus beartaithe do Chorcaigh agus beidh méadú ar mhinicíocht na mbusanna chomh maith le seirbhísí nua bus mar thoradh air seo. Cuirfear an líonra bus nua i bhfeidhm le linn na bliana 2024/2025 agus is féidir teacht ar na sonraí iomlána faoi seo ar **busconnects.ie**



## 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe

**An córas iompair phoiblí a fheabhsú** ó thaobh cumais agus acmhainneachta de trí iontaofacht agus poncúlacht na mbusanna a fheabhsú trí lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht na mbusanna thar ghluaiseacht an ghnáth-thráchta;

**An acmhainn le haghaidh rothaíochta a mhéadú** trí bhonneagar sábháilte a sholáthar don rothaíocht, scartha ó thrácht ginearálta áit ar bith a bhfuil sé indéanta;

**Tacú le soláthar seirbhíse iompair phoiblí éifeachtúil, ísealcharbóin agus athléimneach** ó thaobh aeráide de, a chuidíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;

**Fás dlúth, deiseanna athnuachana agus talamhúsáid níos éifeachtaí i gCorcaigh a éascú,** do ghlúin an lae inniu agus do na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;

**Rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha** eile a fheabhsú trí nascacht agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a sholáthar; agus

**A chinntiú go mbreithneofar go cúramach ar an ríocht phoiblí i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair** agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is féidir



## 1.5 Cad a tharla go dtí seo?

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhain na comhairliúcháin seo le moltaí faoi Bhealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) an dá cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i gCorcaigh. Fuaireamar thart ar 3,000 aighneacht san iomlán le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin seo. Rinneadh na haighneachtaí seo a athbhreithniú agus a mheas mar chuid den phróiseas deartha le haghaidh Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) gach conaire. Cuireadh tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí maidir le RBT an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i mí an Mhárta 2023 agus lean sé sin ar aghaidh go dtí an 25 Bealtaine 2023. Fuarthas thart ar 4,400 aighneacht mar chuid den dara babhta de chomhairliúchán poiblí.

Rinneadh na haighneachtaí agus an t-aiseolas a athbhreithniú agus anois tá an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar siúl le linn R4 den bhliain 2023. Cuirfidh sé seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann d'aon bhróisiúr déag, agus tá ceann ar leith ann do gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe. Tá cur síos scríofa ar an mBealach Tosaíochta ó thús go deireadh chomh maith le léarscáileanna tacaíochta ar fáil sa doiciméad. Áirítear leis gach leasú a rinneadh, má rinneadh leasú ar bith, ó reáchtáladh an dara babhta de chomhairliúchán poiblí. Tá amlíne ar fáil ann freisin maidir le dul chun cinn an chláir chomh maith le sonraí faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar na bróisiúir ón gcéad bhabhta agus ón dara babhta de chomhairliúchán ar ár suíomh gréasáin **www.busconnects.ie** agus is féidir iad a íoslódáil ón suíomh sin chomh maith. Tugtar sainmhínithe sa chéad chuid eile den doiciméad ar an téarmaíocht a úsáidtear ann.



# 1.7 An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Conair Iompair Inbhuanaithe (STC):

Tá sé beartaithe aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Chorcaí. Is bóthar atá ann cheana féin é Conair Iompair Inbhuanaithe agus ar a dtugtar tosaíocht do bhusanna ionas gur féidir leo feidhmiú ar bhealach atá éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Ciallaíonn sé seo de ghnáth go bhfuil lánaí speisialta lánfhada ann le haghaidh busanna amháin ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó go bhfuil bearta eile i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna nuair a bhíonn gnáthbhrú tráchta ann. In áiteanna caolaithe, féadtar socruithe eile a úsáid. Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar má tá sé sin indéanta agus beidh siad taobh le lánaí gnáth-thráchta chomh maith.

## 2. Raonta Rothar Scartha:

Is cuid ar leith den bhóthar é raon rothar scartha agus níl cead é a úsáid ach le haghaidh rothaíochta. Bíonn an spás seo scoite go ginearálta ó thrácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. Má tá sé indéanta raonta rothar scartha a fhorbairt in áiteanna beidh rogha eile ag rothaithe - bóithre ciúine a úsáid nó bóithre íseal-luais a roinnt leis an ngnáth-thrácht.

## 3. Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC):

D'fhoilsigh an ÚNI pleananna tosaigh le haghaidh gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí an Mheithimh 2022. Tugadh Bealaí Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) ar na roghanna sin chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil na mbóithre nuair a bheidh an bonneagar riachtanach do na Conairí Iompair Inbhuanaithe tógtha. Luadh sna pleananna seo tionchair fhéideartha ar ghairdíní tosaigh, agus athruithe dóchúla ar an gcaoi a n-oibreoidh an trácht chun tosaíocht do bhusanna a éascú.

## 4. Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT):

Rinneadh na moltaí faoi Chonairí Iompair Inbhuanaithe a athbhreithniú agus a leasú tar éis na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na BTTCCanna a mheas. Cuireadh i láthair mar an Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) iad i mí an Mhárta 2023 agus reáchtáladh babhta eile de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leo.

Rinneadh mionchoigeartú agus forbairt dearaidh bhreise ar na moltaí, agus anois tá siad á gcur i láthair mar na leaganacha is deireanaí de na RBTanna agus reáchtálfar an babhta breise seo de chomhairliúchán poiblí maidir leo.

Ní moltaí deiridh iad agus déanfar iad a mheas tuilleadh tar éis aiseolas a fháil ón tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin caithfear iad a scrúdú freisin i gcomhthéacs measúnacht tionchair timpeallachta agus forbairt dearaidh.

## 5. Geata Bus

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascóidh sé tosaíochtaí bus trí thréthrácht ginearálta a bhaint le feadh an bhóthair ar fad, áit a bhfuil an geata bus lonnaithe, agus dá réir sin laghdaítear trácht ar an gcuid ábhartha den bhóthar agus cumasaítear gluaiseacht bhus níos iontaofa`.



Úsáidfear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.

## 6. Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta:

Baineann Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta úsáid as soilse tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna thar trácht eile ar lánaí singil de stráicí bóthair, ach níl sé éifeachtach ach le haghaidh achair ghearra. Is iondúil go gcuirtear an socrú seo i bhfeidhm ar stráice bóthair nach féidir lána bus a bheith ann mar gheall ar bhacainní bóthair. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais



1. Gluaiseann an trácht ar aghaidh mar is gnáth.



2. Agus an bus ag druidim leis, athraíonn an comhartha soilse d'fhonn stop a chur leis an trácht ginearálta.



3. Tabharfar tús áite don bhus le dul ar aghaidh.



4. A luaithe a fhágann an bus an t-acomhal, is féidir leis an trácht ginearálta dul ar aghaidh.

ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir ann nach bhfuil cead iad a leagan chun an bóthar a leathnú a dhóthain le haghaidh spás do lána bus.

Oibríonn sé faoi rialú soilse tráchta (ag acomhail de ghnáth) mar a gcaitheann an lána bus agus an lána gnáth-thráchta teacht le chéile agus an bóthar a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go mbeidh lána bus ann arís níos faide siar an bóthar. Stopfar an gnáth-thrácht ag na soilse tráchta chun cead a thabhairt don bhus dul ar aghaidh ar an stráice cúng ar dtús. Ansin, nuair a bheidh an bus imithe ar aghaidh, ceadófar don ghnáth-thrácht dul ar aghaidh ag na soilse tráchta.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a dearadh chun cur le cumas coisithe agus rothaithe araon dul trasna an bhóthair trí úsáid a bhaint as soilse tráchta a dearadh go speisialta chuige sin.

## 8. Socrú Sráide Ciúine:

Nuair nach bhfuil bóithre STC leathan a ndóthain in áiteanna chun freastal ar rothaithe gan tionchar suntasach a bheith acu ar thosaíocht do bhusanna, déantar iniúchadh ar bhealaí malartacha rothaíochta le haghaidh achair gearra sula mbuaileann siad leis an mbealach bus STC arís. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin.

Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an méid íseal de ghnáth-thrácht a bhíonn orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach do rothaithe agus don ghnáth-thrácht araon, gan aon ghá le raonta rothar scartha ná le lánaí péinteáilte rothar a thógáil. Is éard a bheadh i gceist leis an Socrú Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí d'úsáideoirí bóithre ginearálta agus do rothaithe araon.

## 9. Ríocht Uirbeach:

Tagraíonn Ríocht Uirbeach do na spásanna laethúla sráide a mbaineann daoine úsáid astu agus iad á dtrasnú, ag siopadóireacht, ar ócáidí sóisialta, nó ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht, nó taisteal chun na hoibre/nó ón obair. Cuimsíonn an Ríocht Uirbeach gach sráid, cearnóg acomhal, agus bóthar eile lena mbaineann ceart bealaigh, is cuma más úsáid chónaithe, tráchtála nó chathartha a mbaintear astu. Nuair a dhéantar é a dhearadh agus a leagan amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sé go mór le saol laethúil na n-áitritheoirí agus na ndaoine a bhíonn ag taisteal thar bráid. Baineann sé le codanna den timpeallacht thógtha atá amuigh faoin aer de ghnáth, áit a mbíonn rochtain saor in aisce ag an bpobal. Bheadh suíocháin, crainn, plandú, agus gnéithe eile i gceist leis a chuirfeadh go mór le heispéireas na ndaoine ar fad.






# 1.8 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe

- **(A) Dún Citil go dtí an Chathair**
- **(B) Baile na mBocht go dtí an Chathair**
- **(C) An Linn Dubh go dtí an Chathair**
- **(D) Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair**
- **(E) Baile an Chollaigh go dtí an Chathair**
- **(F) Baile an Easpaig go dtí an Chathair**
- **(G) An Tóchar go dtí an Chathair**
- **(H) Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair**
- **(I) Cnoc Maryborough go dtí an Chathair**
- **(J) Machain go dtí an Chathair**
- **(K) Bóthar Chionn tSáile go Dúglas**

——— Conair Iompair Inbhuanaithe

········· Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
TEAMHAIR
CLOCH REO
GLEANN MAGH
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
FEARANN
AN LINN DUBH
BAILE NA MBOCHT
CNOC NA HAOINE
PÁIRC NA HEAGLAISE
CNOC AN CHUILINN
LÁR NA CATHRACH
MONTENOTTE
GARRÁN NA MBRÁTHAR
AN SEANDÚN
DEARGMHOIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
CARRAIG RUACHÁIN
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
AN CNOCÁN GLAS
AN SRÁIDBHAILE THIAR
BAILE AN CHOLLAIGH
AN LOCH
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
BAILE FÉITHEAN
BAILE AN LOCHA
WILTON
BAILE AN EASPAIG
DÚGLAS
AN TÓCHAR
ARD AN RÓISTIGH
BAILE AN RÓISTIGH
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
MARYBOROUGH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
MUINE GUAIRNE
N20
N22
N8
N40
N27
N28
N71
R639
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K

# 2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?

Leanadh ar aghaidh le hobair dheartha shuntasach ón mbabhta deireanach comhairliúcháin. Airítear leis an obair seo na nithe seo leanas:

## 2.1 Dearadh Teicniúil

Tá dul chun cinn déanta ar dhearaí agus rinneadh mionchoigeartú breise ar ghnéithe de gach conair amhail acomhail, ailíniú, stadanna bus, áiseanna rothaíochta agus siúil, agus gnéithe den ríocht uirbeach. Tá teagmháil á déanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear teagmháil leis na sealbhóirí tí aonair sin a d'fhéadfadh a bheith thíos leis. Bhí agus tá aiseolas ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chomh maith le suirbhéanna mionsonraithe breise mar bhonn eolais faoin dearadh a bhfuil forbairt á déanamh air fós.

## 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil

Beidh an ÚNI ag ullmhú na nithe seo a leanas mar chuid den Iarratas beartaithe ar Thoiliú Reachtúil do gach Conair Iompair Inbhuanaithe: Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Chuí (MC), Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), agus nuair is gá, Ráiteas Tionchair Natura (RTN) de réir reachtaíocht, treoirlínte agus dea-chleachtas reatha na hÉireann agus na hEorpa. Tá na scagthástálacha agus na measúnuithe seo á ndéanamh ag speisialtóirí timpeallachta a ceapadh le déanaí chun oibriú ar an tionscadal thar ceann an ÚNI. Beidh na doiciméid ón Tuarascáil Measúnaithe Tionchair ar an gComhshaol agus ón MC mar chuid shuntasach den iarratas foirmiúil reachtúil chuig an mBord Pleanála agus beidh siad ar fáil nuair a chuirfear faoi bhráid an Bhoird iad, mar chuid den chomhairliúchán poiblí reachtúil.

## 2.3 Suirbhéanna Tráchta

Rinneadh sraith chuimsitheach de shuirbhéanna tráchta ar fud na Cathrach, chun eolas cothrom le dáta faoi líon feithiclí agus eolas eile faoi úsáideoirí bóithre a chur ar fáil. Bainfear úsáid as an eolas seo, in éineacht le foinsí eolais éagsúla eile, chun mionchoigeartú agus calabrú a dhéanamh ar an ionsamhlú ar ríomhaire den tsamhail iompair a forbraíodh do Mhórcheantar Chorcaí.

Bainfidh an fhoireann deartha úsáid as eolas tuartha ón tsamhail iompair chun gnéithe éagsúla de na conairí a fhorbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a ndéanfar tuairisciú orthu i ndoiciméid TMTT.

Ullmhófar sraith iomlán de shamhlacha iompair chun tacú leis an TMTT do gach Conair Iompair Inbhuanaithe (mar a thuairiscítear thuas), ach ar dtús rinneadh réamhshamhaltú tráchta chun léargas ardleibhéil a fháil ar na hiarmhairtí tráchta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe. Tugann an tsamhail seo léiriú ar scála na n-athruithe ar an sruth tráchta feadh sráideanna ar fud na cathrach. Déantar cur síos ar fhorbairt agus ar aschuir na samhla seo sa Réamhthuarascáil um Shamhaltú Iompair

a foilsíodh mar chuid den tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar an Réamhthuarascáil um Shamhaltú ar shuíomh gréasáin BusConnects – **www.busconnects.ie** agus is féidir í a íoslódáil ón suíomh sin.

## 2.4 Ríocht Uirbeach

Maidir leis an obair deartha theicniúil a bhain le hailíniú bóithre sna limistéir uirbeacha feadh na gconairí iompair inbhuanaithe, rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair sin a thabhairt chun críche agus rinneadh dul chun cinn freisin maidir le mionchoigeartú a dhéanamh ar na tograí deartha don Ríocht Uirbeach. Tá na dearaí seo á bhforbairt i gcomhairle leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana féin.

Tá deiseanna feabhsúcháin don Ríocht Uirbeach scaipthe amach feadh na gconairí agus braitheann siad ar an suíomh ar leith agus an comhthéacs áitiúil. Agus spásanna uirbeacha á ndearadh againn, úsáidfimid ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin úsáide, mharthanachta agus chothabhála agus go bhfuil siad inbhuanaithe freisin.



## 2.5 Amlíne

### 2022

### RANNPHÁIRTÍOCHT

**Plé a rinneadh ar an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn R2/R3**

Plé a rinneadh ar Thograí maidir leis an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn.

### 2023

**Tuilleadh Plé ar an mBealach Tosaíochta**

Dréacht-Bhealach Tosaíochta a Ullmhú in R1/R2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse 2 mhí de chomhairliúchán poiblí.

- Babhta eile comhairliúchán maidir le Bealach Tosaíochta R4

### 2023-2025

### PRÓISEAS REACHTÚIL

**Iarratas Reachtúil a Ullmhú**

- Dearadh Innealtóireachta a Fheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a Ullmhú
- Ceanglais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2026

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim Bheartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Pléití an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
  1. An Scéim Bheartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim Bheartaithe a cheadú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a chur ar neamhní.

## 2026-2030

### CEANNACH & TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Seans go mbeidh suas le 2 bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar sonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) atá beartaithe don Chonair Iompair Inbhuanaithe seo. Reáchtálfar an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis na moltaí seo, ansin déanfar mionchoigeartú ar an dearadh agus déanfar measúnacht tionchair comhshaoil, agus ina dhiaidh sin uile, déanfaidh an ÚNI iarratas reachtúil foirmiúil chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán ar leith a bhaineann le gné na Conaire Iompair Inbhuanaithe de chlár BusConnects Chorcaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail **www.busconnects.ie**. Tá gach bróisiúr a foilsíodh roimhe seo maidir le Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) chomh maith leis na bróisiúir ón dara babhta de chomhairliúchán ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Is féidir le húsáideoirí cuairt a thabhairt ar an suíomh chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

**Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar:**

Líne Shaorghlao thiomnaithe
**1800 303 653**

nó trí ríomhphost a sheoladh chuig
**corkstc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag lorg aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Tosaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo. Tá an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a chur isteach ar fáil ar an suíomh gréasáin.

**Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach agus tuairimí a thabhairt faoi**

Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" atá ar fáil ar an leathanach dár suíomh gréasáin a bhaineann le Conairí Iompair Inbhuanaithe:
**https://consult.nationaltransport.ie**

Post:
**Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe**
**Oifig Chorcaí an ÚNI, Svuít 427, 1 Cé Uí Argáin**
**Waterfront Square, Corcaigh, T23 PPT8**



## 3.3 Cad a tharlóidh anois?

Nuair a bheidh an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí thart, cuirfidh an ÚNI bailchríoch ar na Roghanna Bealaigh Tosaíochta do gach ceann den aon chonair déag. Déanfar níos mó forbartha ar dhearaí na scéime agus ullmhófar iarratais toilithe reachtaíochta don Bhord Pleanála, lena n-áirítear iompar agus measúnachtaí tionchair comhshaoil. Ar mhaithe le próiseas toilithe reachtaíochta, féadfar roinnt chonairí a chur isteach in aon iarratas amháin . Nuair a bheidh an obair fhorbartha déanta ullmhófar Tuarascáil Measúnachta Tionchair Comhshaoil do na scéimeanna le chéile mar aon le sonraí faoin talamh ar a bhfuil siad chun seilbh a fháil orthu. Cuirfear na hiarratais seo faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2024/2025 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Beidh próiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.

# 4 Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta

## 4.1 Forléargas

Tosaíonn an Chonair Iompair Inbhuanaithe ó Bhóthar Chionn tSáile go Dúglas (CII K) gar do thigh tábhairne Bull McCabe's ar an taobh thiar d'acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín le Bóthar Chionn tSáile (N27). Leanann an CII K ar Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín go dtí Bóthar na Gráinsí agus Cnoc Dhomhnach Broc. Cuirtear cosán, raon rothar, lána bus agus lána tráchta ghinearálta ar fáil in áiteanna oiriúnacha.

Moltar cosán agus lána tráchta ghinearálta a sholáthar ar Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín i ngach treo. Áirítear lána bus freisin in áiteanna a meastar indéanta. Glacann rothaithe bealach eile ó bhusanna ag tosú ag acomhal Bhaile Uí Chuirrín agus Bhóthar na Gráinsí agus téann sé ó thuaidh feadh Bhóthar Ghort Phroinsias. Molann Comhairle Cathrach Chorcaí scéim taistil gníomhach darb ainm 'Céimeanna Taistil Gníomhacha ar Bhóthar Ghort Phroinsias.

Tosaíonn an CII K ag acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/Bhóthar na Gráinsí agus leanann sé soir, áit a dtéann sé feadh Bhóthar na Gráinsí go dtí Cnoc Dhomhnach Broc. Moltar cosán, raon rothar agus lána tráchta ghinearálta a chur i ngach treo. Moltar lána bus a chur i dtreo amháin, rud a thabharfaidh tús áite do bhusanna trí na hacomhail ábhartha.

Ag acomhal Bhóthar na Gráinsí agus Chnoc Dhomhnach Broc, moltar go dtaistealódh CII K ar Chnoc Dhomhnach Broc le go nascfadh sé le Sráid na Dúglaise trí Shráid na hEaglaise.

## 4.2 Acomhal Bhaile Uí Chuirrín/Bhaile Chionn tSáile go dtí Acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/ Bhóthar na Gráinsí

Tosaíonn an chonair ar an taobh thiar d'acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín le Bóthar Chionn tSáile (N27). Moltar cosán agus lána tráchta ghinearálta a sholáthar ar Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín i ngach treo. Áirítear lánaí bus in áiteanna a meastar indéanta. Moltar 2 stad bus nua a chur i ngach treo ar Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín chun inrochtaineacht ar Eastát Tionsclaíoch Bhaile Uí Chuirrín agus ar an South Link Business Park a fheabhsú. Moltar áiseanna trasriain chomharthaithe freisin in aice na stadanna bus nua. Ag deireadh an lána bhus soir in aice Hampstead, áirítear cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta chun cead bealaigh a sholáthar do bhusanna.

Ag acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín agus Bhóthar na Gráinsí, moltar oibríocht éifeachtúil an acomhail chomharthaithe atá ann cheana féin a fheabhsú gan Coill an Churraigh a chur san áireamh agus chun cead bealaigh busanna agus cosaint rothaithe a sholáthar. Glacann rothaithe bealach eile ón acomhal agus téann siad ó thuaidh feadh Bhóthar Ghort Phroinsias faoi na 'Céimeanna Taistil Gníomhacha ar Bhóthar Ghort Phroinsias'.

## Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar Bhaile Uí Chuirrín | Ceithre stad bus nua (dhá cheann i ngach treo) chun inrochtaineacht ar Eastát Tionsclaíoch Bhaile Uí Chuirrín agus ar an South Link Business Park a fheabhsú. |
| Bóthar Bhaile Uí Chuirrín (in aice MAE System Teo agus Hampstead) | Trasrianta comharthaithe nua in aice stadanna bus nua chun nascacht a fheabhsú leis rochtainí ar na gnóthais agus na tithe in aice láimhe. |
| Acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/Bhóthar Chionn tSáile agus acomhal Bhaile Uí Chuirrín/ Bhóthar na Gráinsí | Feabhsuithe ar an acomhal comhartha atá ann cheana féin chun áiseanna coisithe / rothaithe a fheabhsú. |
| Acomhail feadh Bhóthar Uí Chuirrín | Teannadh acomhal, in áiteanna a bhfuil de dhíth chun sábháilteacht choisithe a fheabhsú. |

Chun na feabhsuithe iompair inbhuanaithe seo a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún teoranta ag teastáil ag na láithreacha seo a leanas:

- an tromlach acu feadh an taoibh theas de Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín idir an t-acomhal le Bóthar Chionn tSáile agus le Bóthar na Gráinsí, nuair is gá; agus
- go háitiúil ag acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín agus Bhóthar na Gráinsí

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear san Aguisín sa bhróisiúr seo.

## 4.3 Acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/Bhóthar na Gráinsí go dtí Acomhal Bhóthar na Gráinsí/Chnoc Domhnach Broc

Idir acomhail Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/ Bhóthar na Gráinsí agus Bhóthar na Gráinsí/ Chnoc Dhomhnach Broc, leanann an CII K ar aghaidh ar Bhóthar na Gráinsí chun cosán, raon rothar agus lána tráchta ghinearálta a chur ar fáil i ngach treo. Moltar lána bus a chur i dtreo amháin chun tús áite a thabhairt do bhusanna trí na hacomhail ábhartha. Athlonnaítear stadanna bus ar an dá thaobh nuair is gá chun rochtainí áisiúla a cheadú ar na limistéir in aice láimhe. Tá mórmholtaí feabhsaithe achoimrithe thíos:

- Feidhmítear acomhal Choill an Churraigh agus Bhóthar na Gráinsí faoi shocrú tosaíochta chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht iomlán acomhal Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín agus Bhóthar na Gráinsí. Moltar bosca buí-haitseáil a chur ar an acomhal tosaíochta chun feithiclí ag dul isteach agus amach ó Choill an Churraigh a éascú.
- Ag an acomhal le Dunvale Drive / Dunvale Grove / Gort Phroinsias, moltar uasghrádú a dhéanamh ar an trasrian atá ann cheana chuig trasrian túcánach le cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta chun tús áite a thabhairt do bhusanna ag teacht le chéile leis an trácht ginearálta.
- Ar Bhóthar na Gráinsí ag dul i dtreo Fhearann na Coille agus Arvalee, moltar trasrian túcánach comharthaithe chun rochtain ar na stadanna bus, na cinn atá ann cheana agus na cinn nua mar aon leis na háitribh in aice láimhe le Fearann na Coille agus Arvalee.
- Ag acomhail Bhóthar na Gráinsí le West Avenue / Bellevue Drive agus le Lána Cooney, feabhsófar na hacomhail chomharthaithe atá ann cheana chun tús áite a thabhairt do bhusanna le háiseanna coisithe agus rothaithe.
- Moltar go mba cheart uasghrádú a dhéanamh ar an bpointe trasnaithe taobh amuigh de Elmwood Medical Practice le go mbeidh sé ina thrasrian túcánach chun timpeallacht trasnaithe shábháilte a chur ar fáil i measc na stadanna bus, an ionaid leighis, Scoil Niocláis agus Séipéal an Ionchollaithe.
- Ag deireadh an lána bhus soir ag dul i dtreo bhealach isteach Pháirc Ghleann na Trá Móire, moltar cead bealaigh faoi rialú ag soilse tráchta a chur anseo chun tús áite a thabhairt do bhusanna ag teacht le chéile leis an trácht ghinearálta. Moltar trasrian túcánach nua a chur in aice bhealach isteach na Páirce freisin.
- Ag acomhal Radharc an Ghleanna agus Grange Wood Court le Bóthar na Gráinsí, moltar athailíniú a dhéanamh ar na hacomhail seo le go mbeidh sé ina acomhal aonair chun sábháilteacht bhóthair a fheabhsú.
- Ag Bóthar na Gráinsí ag druidim i dtreo Grange Erin, déanfar uasghrádú ar an trasrian comharthaithe atá ann cheana le go mbeidh sé ina thrasrian túcánach, ina chosán roinnte agus tosaíonn rotharbhealach sráid ciúine ailtéarnaí feadh Ascaill na Gráinsí agus Chéide Dhomhnach Broc. Moltar go mba cheart an socrú slí amach-amháin do thrácht feithicleach a choimeád ó Ascaill na Gráinsí go dtí Bóthar na Gráinsí.
- Cuirtear stráice nua cosáin ar fáil ar an taobh thiar de Bhóthar na Gráinsí idir Kingslea agus Cnoc Dhomhnach Broc chun rochtain shábháilte a éascú don stad bus siar, agus tá sé athlonnaithe freisin níos faide siar ionas nach mbeadh sé ró-chóngarach don acomhal leis an Domhnach Broc. Rinneadh athlonnú níos faide siar ar na spásanna páirceála-chairr atá ann cheana.

## Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar na Gráinsí (acomhail Fhearann na Coille agus Arvalee) | Trasrian túcánach nua chun nascacht choisithe a fheabhsú ó Fhearann na Coille agus Arvalee. |
| Bóthar na Gráinsí (gar do Chlinic Dochtúra Elmwood) | Trasrian túcánach nua chun nascacht le stadanna bus, an t-ionad leighis, Scoil Niocláis agus Séipéal an Ionchollaithe a fheabhsú. |
| Bóthar na Gráinsí (gar do bhealach isteach Pháirc Ghleann na Trá Móire) | Trasrian túcánach nua chun nascacht le Bóthar na Gráinsí/ Nasc Coisithe agus Rothar Pháirc Ghleann na Trá Móire a fheabhsú. |
| Acomhail Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín/Bhóthar na Gráinsí, Dunvale/Ghort Phroinsias, Bhóthar Bellevue/ West Ave, Lána Cooney, Grange Erin/Pháirc na Gráinsí, Bhóthar na Gráinsí/Chnoc Dhomhnach Broc. | Feabhsuithe ar an acomhal comharthaithe atá ann cheana féin chun áiseanna a fheabhsú do choisithe agus rothaithe. |
| Acomhail ag Bóthar na Gráinsí | Teannadh acomhal, in áiteanna a bhfuil de dhíth chun sábháilteacht choisithe agus rothaithe a fheabhsú. |

Chun na feabhsuithe iompair inbhuanaithe seo a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún teoranta ag teastáil ag na láithreacha seo:

- An dá thaobh de Bhóthar na Gráinsí idir an t-acomhal le Bóthar Bhaile Uí Chuirrín agus Cnoc Dhomhnach Broc nuair is gá; agus
- Feadh na mbóithre a bhfuil rochtain inmheánach orthu go dtí Radharc an Ghleanna agus Cúirt Choill na Gráinsí.

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear in Aguisín an bhróisiúir seo.

## 4.4 Acomhal Bhóthar na Gráinsí/Chnoc Dhomhnach Broc go Dúglas

Ag acomhal Bhóthar na Gráinsí agus Chnoc Dhomhnach Broc, moltar go rachadh CII K ar Chnoc Dhomhnach Broc le go nascfadh sé le Sráid na Dúglaise trí Shráid na hEaglaise. Ag Ascaill na Gráinsí, moltar oscailt nua ar bhalla na teorann chun inrochtaineacht a fheabhsú do choisithe agus rothaithe. Moltar do choisithe agus rothaithe taisteal feadh Ascaill na Gráinsí agus Chéide Dhomhnach Broc chun nascadh le Bóthar Inchvale. Soláthróidh sé bealach níos ciúine le níos lú tráchta feithiclí ná ar Chnoc Dhomhnach Broc. Ar Chnoc Dhomhnach Broc, gar don acomhal le Bóthar Inchvale, moltar trasrian túcánach nua a chur ann chun nascacht a fheabhsú le Glasbhealach an Bhaile Bhric. Moltar tosaíocht faoi rialú soilse tráchta chun cead bealaigh a thabhairt do bhusanna ag teacht le chéile leis an trácht ginearálta. Moltar nasc 'coisithe agus rothaithe amháin' nua chun Cnoc Dhomhnach Broc a nascadh le Gairdíní Westbrook agus Glasbhealach an Bhaile Bhric trí ionad Líonraí Gáis Éireann atá ann cheana agus carrchlós poiblí Westbrook.

Chun an timpeallacht choisithe a fheabhsú, moltar freisin stráice beag a chur ar an taobh thoir idir Bóthar na hEaglaise agus Bóthar Inchvale.

Rinneadh uasghrádú ar an trasrian neamhfhoirmiúil ar Shráid na hEaglaise taobh amuigh de Shráid na Dúglaise le go mbeadh sé ina thrasrian síogach chun timpeallacht trasnaithe shábháilte a chur ar fáil.

### Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Cnoc Dhomhnach Broc | Trasrian túcánach nua gar do Bhóthar Inchvale.<br>Nasc 'coisithe agus rothaithe amháin' chun Cnoc Dhomhach Broc a nascadh le Gairdíní Westbrook agus Glasbhealach an Bhaile Bhric. |
| Sráid na hEaglaise | Trasrian síogach nua ag Bóthar na hEaglaise. |

Chun na feabhsuithe iompair inbhuanaithe seo a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún teoranta ag teastáil ag na láithreacha seo:

- Feadh na rochtainí inmheánacha ar Ascaill na Gráinsí, Bóthar na Seamróige, Bóthar Inchvale; agus
- Ionad Líonraí Gáis Éireann atá ann cheana ar Chnoc Dhomhnach Broc.

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear in Aguisín an bhróisiúir seo.

## 4.5 Príomhathruithe ón mBealach Tosaíochta a foilsíodh i mí an Mhárta 2023

Déanann an méid seo a leanas achoimriú ar na hathruithe moltaí don CII K - Bóthar Chionn tSáile go Dúglas ón gcomhairliúchán poiblí deireanach i leith:

- Simplíodh an t-acomhal 4-ghéag comharthaithe de Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín / Bóthar na Gráinsí / Coill an Churraigh mar acomhal 3-ghéag comharthaithe trí Choill an Churraigh a bhaint chun éifeachtúlacht fheidhmíochta a fheabhsú. Dearadh Coill an Churraigh mar acomhal tosaíochta le Bóthar na Gráinsí.
- Athlonnú stadanna bus feadh Bhóthar Bhaile Uí Chuirrín agus Bhóthar na Gráinsí chun rochtainí áisiúla a cheadú do na háiteanna in aice láimhe agus chun na tionchair ghaolmhara cosúil le tógáil talún príobháideach agus baint crann a íoslaghdú.
- Ath-eagraíodh lánaí bus soir agus siar feadh Bhóthar na Gráinsí chun sábháilteacht bhóthair a fheabhsú, an tionchar ar thógáil talún príobháideach, crainn atá ann cheana agus ballaí teorann a laghdú.
- Moltar go mba cheart trasrian túcánach nua a chur in áit an trasriain neamhfhoirmiúil atá ann cheana taobh amuigh de Chlinic Dochtúra Elmwood chun rochtainí sábháilte a chur ar fáil ar na háiseanna in aice láimhe lena n-áirítear Scoil Niocláis, Séipéal an Ionchollaithe, Clinic Dochtúra Elmwood agus na stadanna bus.
- Áirítear tosaíocht faoi rialú soilse tráchta ar Bhóthar na Gráinsí in aice bhealach isteach Pháirc Ghleann na Trá Móire chun tús áite a thabhairt do bhusanna soir atá ag teacht le chéile leis an trácht ginearálta le go laghdódh sé an gá do lána bus tiomnaithe agus do leathnú bóthair ar an stráice seo de Bhóthar na Gráinsí. Laghdaíodh na tionchair ghaolmhara ar thógáil talún príobháideach, droichead tóchair agus gnáthóga nádúrtha go mór.
- Cuirtear oileáin tráchta nua ar fáil ag acomhail faoi rialú soilse tráchta chun freastal ar chomharthaí tráchta do lána bus agus lána tráchta ghinearálta, rud a fheidhmíonn ag céimeanna difriúla.
- Coimeádadh na bunáiteanna páirceála ag Bóthar na Gráinsí idir Cnoc Dhomhnach Broc agus Kingslea agus cuireadh cosán nua ar fáil ar an taobh theas den stráice seo de Bhóthar na Gráinsí. Baineadh na háiteanna páirceála ag an Kingslea agus ní raibh an tógáil talún príobháideach ag an Kingslea de dhíth.
- Cuireadh cosán ar fáil ar an taobh theas de Chnoc Dhomhnach Broc idir Sráid na hEaglaise agus ionad Líonraí Gáis Éireann atá ann cheana ag Gairdíní Westbrook.
- Trasrian síogach nua ar Shráid na hEaglaise taobh amuigh d'Ionad Siopadóireachta Sráid na Dúglaise in áit an trasriain neamhfhoirmiúil a bhí ann cheana.

## 4.6 Príomhfhíricí

| | |
|---|---|
| Neas-líon na réadmhaoine a bhféadfadh tionchar a bheith ag an tionscadal seo orthu: | **41** |
| Neas-líon na spásanna páirceála ar an tsráid a bhféadfaí fáil réidh leo: | **55** |
| Neas-líon na gcrann a bhféadfaí iad a leagan: | **66** |
| Fad an bhealaigh, go garbh (km): | **3.9km** |
| Fad an rotharbhealaigh, go garbh: | **3.1km** |

# 5. Aguisíní

5.1 Léarscáileanna Innéacs
5.2 Léarscáileanna Bealaigh








TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
FORGE HILL
N27 - KINSALE ROAD (AIRPORT ROAD)
BALLYCURREEN ROAD
NEW BUS STOP
PEDESTRIAN CROSSING
NEW BUS STOP
Airport Road to City Sustainable Transport Corridor H
PROPOSED SCHEME
Tks
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH





The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
NEW BUS STOP
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
HAMPSTEAD
PEDESTRIAN CROSSING
NEW BUS STOP
BALLYCURREEN ROAD
CURRAGHCONWAY COURT
BALLYCURREEN INDUSTRIAL ESTATE
ALDERBROOK
N
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
ALDERBROOK
FRANKFIELD ROAD
Tie Into - Active Travel Measures on Frankfield Road
PROPOSED SCHEME
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
BALLYCURREEN ROAD
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
GRANGE ROAD
FRANKFIELD
THE MAPLES
CURRAGHWOODS
EXISTING BUS STOP
TOUCAN CROSSING
DUNVALE
DUNVALE DRIVE
DUNVALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR





The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SEVEN OAKS
THE MAPLES
SEVEN OAKS
ARVALEE
WEST AVENUE
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP
HOLY TRINITY CHURCH
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
WEST AVENUE
NEW BUS STOP
GRANGE ROAD
WOODLANDS
EXISTING BUS STOP
BELLEVUE DRIVE
WOODLANDS
BELLEVUE
Woodlands
Fearann na Coille
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
WEST AVENUE
EAST AVENUE
Pond
OUTLINE OF GRANGE ROAD TO TRAMORE VALLEY PARK PEDESTRIAN / CYCLE LINK SHOWN DASHED
EXISTING BUS STOP
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
LOCATION OF ACCESS TO GRANGE ROAD TO TRAMORE VALLEY PARK PEDESTRIAN / CYCLE LINK
ELMWOOD MEDICAL PRACTICE
EAST AVENUE
WEST AVENUE
NEW BUS STOP
GRANGE ROAD
BELLEVUE DRIVE
EXISTING BUS STOP
TOUCAN CROSSING
TOUCAN CROSSING
CHURCH OF THE INCARNATION
Church
Car Park
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
AMBERLEY DRIVE
ASHDOWN
AMBERLEY
SUPERVALU
ALDI
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING BUS STOP
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING BUS STOP
GRANGE ROAD
EXISTING BUS STOP
COONEY'S LANE
CLIFTON GRANGE
CLIFTON RANGE
Clifton Grange
HOLLYVILLE MEWS
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SANDOWN
Grange Heights
WALDIN
GRAIGUE
STOCKTON CLOSE
EUGENE DRIVE
EUGENE DRIVE
GRANGE ROAD
NEW BUS STOP
NEW BUS STOP
EXISTING BUS STOP
EXISTING BUS STOP
TOUCAN CROSSING
GRANGE WOOD COURT
GRANGE WOOD COURT
GLENVIEW
GRANGE WOOD CT
GRANGE WAY
N
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SHAMROCK ROAD
SHAMROCK CLOSE
SHAMROCK DRIVE
GRANGE AVENUE
GRANGE ROAD
GRANGE ERIN
PEARSE PARK
KINGSLEA
Grange Park
PROPOSED NEW OPENING IN BOUNDARY WALL TO IMPROVE PEDESTRIAN AND CYCLIST ACCESSIBILITY
ALTERNATIVE QUIET STREET CYCLE ROUTE VIA SHAMROCK PARK, GRANGE AVENUE & DONNYBROOK DRIVE
EXIT ONLY ARRANGEMENT RETAINED
EXISTING LEFT TURN BAN RETAINED
RELOCATED BUS STOP
EXISTING BUS STOP
EXISTING RIGHT TURN BAN RETAINED
TOUCAN CROSSING
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING FOOTPATH
EXISTING BUS LANE
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
GRANGE AVENUE
SHAMROCK ROAD
INCHVALE ROAD
INCHVALE AVENUE
ALTERNATIVE QUIET STREET CYCLE ROUTE VIA SHAMROCK PARK, GRANGE AVENUE & DONNYBROOK DRIVE
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
DONNYBROOK HILL
BALLYBRACK HEIGHTS
EXISTING BUS STOP
EXISTING BUS STOP
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING FOOTPATH
EXISTING BUS LANE
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP
DOUGLAS WEST
EXISTING BUS STOP
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING BALLYBRACK GREENWAY
Douglas Community Park
Sports Surface Multiple Use
Playground
ALTERNATIVE CYCLE ROUTE THROUGH EXISTING WATER & GAS FACILITY, EXISTING CARPARK AND CONNECTION TO BALLYBRACK GREENWAY
IRISH COUNTRY WOMENS ASSOCIATION DOUGLAS COMMUNITY CENTRE
DOUGLAS COMMUNITY CENTRE
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING FOOTPATH
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
EXISTING FOOTPATH
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
DOUGLAS VILLAGE SHOPPING CENTRE
Maryborough Hill to City Centre Sustainable Transport Corridor I
PROPOSED SCHEME
EAST DOUGLAS ST
CARRIGALINE ROAD
CHURCH STREET
EXISTING BALLYBRACK GREENWAY
EXISTING BUS STOP
ALTERNATIVE QUIET STREET CYCLE ROUTE VIA CHURCH STREET
RELOCATED BUS STOP
DOUGLAS WEST
Cemetery
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING FOOTPATH
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
EXISTING GENERAL TRAFFIC LANE
EXISTING FOOTPATH
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath,
D02 WT20

Oifig Chorcaí an ÚNI,
Svuít 427
1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Éadan le hUisce,
Corcaigh
T23 PPT8

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040